Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11257 — ONE ROCK CAPITAL PARTNERS / CONSTANTIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 332/07)

1. An 11 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— One Rock Capital Partners LLC ('ORC', na Stáit Aontaithe),

— Constantia Flexibles GmbH ('Constantia', an Ostair), faoi rialú aonair cistí atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Wendel SE.

Gheobhaidh ORC rialú aonair ar Constantia ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— is gnólacht cothromais phríobháidigh é ORC a dhíríonn ar infheistíochtaí cothromais a ghlacann le cothromas i gcuideachtaí meánmhargaidh. Bainistíonn ORC cistí a infheistíonn i gcuideachtaí punainne a oibríonn i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear ceimiceáin agus próisis, monarú speisialtachta agus cúram sláinte, monarú agus dáileadh bia, agus seirbhísí gnó agus comhshaoil.

— Is táirgeoir agus soláthraí domhanda réiteach pacáistithe solúbtha é Constantia. Cuimsíonn a phunann táirgí réitigh phacáistithe sholúbtha do tháirgí ar nós bia, déiríochta, bia peataí, táirgí tí agus cúraim phearsanta, táirgí cógaisíochta agus leighis, chomh maith le deochanna.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11257 — ONE ROCK CAPITAL PARTNERS / CONSTANTIA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË